



An Bhruiséil, 14.9.2016  
COM(2016) 586 final

2016/0281 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) agus lena mbunaítear  
Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíocht CEFI**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • Foras agus cuspóirí an togra

An 7 Meitheamh 2016, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le *Creat Comhpháirtíochta nua a bhunú le tríú tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce*.<sup>1</sup> Mar aon le bearta éagsúla a mholtar ann chun freastal ar na riachtanais is práinní atá ag dídeanaithe agus chun tacaíocht a thabhairt do phobail aíochta, iarrann an Coimisiún go nglacfaí straitéis fhadtéarmach trína gcuirfidh an tAontas Eorpach (AE) spriocanna forbartha inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 chun cinn agus, ar dá bharr sin, leanúint de bheith ag dul i ngleic bhunchúiseanna na himirce.

Tá an méid sin ag teacht freisin le Straitéis Dhómhanda AE maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála, rud lena leabaítear dúshlán ar nós na himirce isteach i mbeartas eachtrach foriomlán AE, á chinntiú go mbíonn comhleanúnachas agus sineirgí ann le beartais Forbartha agus Chomharsanachta na hEorpa agus le taidhleoireacht eacnamaíoch na hEorpa.

Thug an Chomhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2016 cuireadh don Choimisiún togra le haghaidh Plean uailmhianach Infheistíochta Seachtraí a chur i láthair faoi mhí Mheán Fómhair 2016. Beidh an Plean bunaithe ar thrí cholún a bheidh ag obair i gcomhar le chéile, is iad sin: ciste infheistíochta nua (colún 1); cúnaimh teicniúil (colún 2) chun cabhrú le húdaráis áitiúla agus le cuideachtaí líon níos airde tionscadal inbhuanaithe a fhorbairt agus infheisteoirí a mhealladh; agus, ar deireadh, raon de chlárí thiomnaithe théamacha, náisiúnta agus réigiúnacha AE maidir le comhar um fhorbairt, mar aon le comhphlé struchtúrtha polaitiúil a bheidh dírithe ar fheabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta agus ar an mórthimpeallacht beartais sna tíortha lena mbaineann (colún 3). Is i gcolún 3 den Plean a bheidh an nasc idir an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) agus an mór-chomhpháirtíocht idir AE agus a chuid tíortha comhpháirtíochta. Cuirfear obair na comhpháirtíochta sin i gcrích i bhfoirm an chomhphlé polaitiúil agus beartais a dtéann an Coimisiún faoina bhun trí thoscáireachtaí AE agus trí theagmhálaithe polaitiúla.

Is trí CEFI a chuirfear colún 1 chun feidhme. Beidh sé mar phríomhchuspóir le CEFI pacáiste comhtháite airgeadais a sholáthar chun infheistíochtaí a thionscnaítear i réigiúin na hAfraice agus sa Chomharsanacht a mhaoiniú.<sup>2</sup>

Beidh CEFI comhdhéanta d'ardáin réigiúnacha infheistíochta, ina gcomhcheanglófar maoiniú ó shaoráidí measctha atá ann cheana agus Ráthaíocht CEFI.<sup>3</sup> Beidh CEFI ina "ionad ilfhreastail" maidir le tograí maoiniúcháin a fháil ó institiúidí airgeadais agus ó infheisteoirí poiblí nó príobháideacha agus soláthróidh siad raon leathan tacaíochta airgeadais d'infheistíochtaí incháilithe.

Is é an príomhchuspóir atá le CEFI pacáiste comhtháite airgeadais a sholáthar chun infheistíochtaí a thionscnaítear i réigiúin na hAfraice a mhaoiniú do thíortha is sínitheoirí leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC), de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a

<sup>1</sup> COM(2016) 385.

<sup>2</sup> Arna sainiú, i gcás na hAfraice, le Comhaontú Cotonou (IO L 287, 04.11.2010) agus do Chomharsanacht AE le Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IO L 77, 15.3.2014, lch. 27).

<sup>3</sup> I gcás na hAfraice, féach Cinneadh (2015)5210 ón gCoimisiún. I gcás na Comharsanachta, féach Cinneadh Cur Chun Feidhme (2016)3436 ón gCoimisiún.

Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000 ('Comhaontú Cotonou')<sup>4</sup> agus do thíortha sa Chomharsanacht, ar mhaithe le fás agus le deiseanna fostaíochta a chruthú, le breisiócht a uasmhéadú, le táirgí nuálacha a sholáthar agus le cistí earnála príobháidí a phlódú isteach. Táthar ag súil leis go slógfar le CEFI suas le EUR 44 000 000 000 i bhfoirm infheistíochtaí ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus go slógfar leis EUR 3 350 000 000 ó fhoinsí eile go dtí an bhliain 2020.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, Bheartas athbhreithnithe Comharsanachta na hEorpa<sup>5</sup>, an Chomhdhearcaidh Eorpaigh maidir le Forbairt<sup>6</sup>, an Chláir Oibre don Athrú<sup>7</sup> agus na leasuithe a rinneadh orthu agus na nithe a cuireadh leo ina dhiaidh sin, ba cheart, mar phríomhchuspóir le comhar faoin Rialachán seo, an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur leis an mbochtaineacht ar aon dul le hAirteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus aghaidh á tabhairt ar bhunchúiseanna na himirce san am céanna. Ina theannta sin, ba cheart cur leis na nithe seo a leanas freisin faoin obair comhair a dhéanfar faoin rialachán seo: forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus comhshaoil atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú; tacú leis an daonlathas, leis an smacht reatha, leis an dea-rialachas, le cearta an duine, le comhionannas inscne agus le prionsabail iomchuí an dlí idirnáisiúnta, agus iad a chomhdhlúthú; cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus a chuimsíonn cearta an duine ar fad a chur chun feidhme ar aon dul leis na prionsabail threoracha a ghabhann leo (trédhearcacht, rannpháirtíocht, neamh-idirdhealú, cuntasacht); agus an Plean Gníomhaíochta Inscne<sup>8</sup> a chur chun feidhme.

Is é an aidhm atá le CEFI tacú le hinfheistíochtaí a thionscnaítear i réigiúin na hAfraice do thíortha is sínitheoirí le Comhaontú Cotonou agus i dtíortha sa Chomharsanacht mar bhealach chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus, ar an mbealach sin, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce agus athimeascadh inbhuanaithe ina dtír thionscnaimh a thairiscint d'imirceigh fhille. Dá bhrí sin, tá sé comhsheasmhach le hionstraimí an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú agus le saoráidí reatha infheistíochta.

Tríd an mbéim a chuirtear ann ar rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, cuirfear na cuspóirí a thairiscítear sa Teachtaireacht 'Ról Níos Láidre don Earnáil Phríobháideach maidir le Fás Cuimsitheach Inbhuanaithe a Bhaint Amach i dtíortha i mBéal Forbartha' chun cinn freisin le CEFI.<sup>9</sup>

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Plean Infheistíochta Seachtraí (an Plean) mar chuid de Chreat Comhpháirtíochta nua AE le tríú tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce.

Tá an Plean ar comhréim le Beartas athbhreithnithe Comharsanachta na hEorpa (BCE)<sup>10</sup>, lena ndírítear ar thacú le forbairt eacnamaíoch i dtíortha comhpháirtíochta chun cobhsú agus aistriú ó fhreagairt éigeandála go freagairt struchtúrach a bhaint amach ar bhonn comhleanúnach. Tá

---

<sup>4</sup> IO L 317, 15.12.2000 arna leasú go deireanach le IO L 287, 4.11.2010.

<sup>5</sup> JOIN(2015) 50 final.

<sup>6</sup> IO(2006/C 46/01).

<sup>7</sup> COM(2011) 637 final.

<sup>8</sup> SWD(2015) 182 final.

<sup>9</sup> COM(2014) 263 final.

<sup>10</sup> JOIN(2015) 50 final.

sé ar comhréim freisin le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa maidir le Maoiniú don Fhorbairt.

Tá CEFI comhleanúnach le beartais AE i réimse an athraithe aeráide agus déanfar rannchuidiú leis maidir le Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide (COP 21) a chur chun feidhme<sup>11</sup>, lena n-áirítear na gealltanais airgeadais aeráide idirnáisiúnta a ghabhann leis an gComhaontú. Mar a mhínítear sa Teachtaireacht *An Bóthar ó Pháras: impleachtaí Chomhaontú Pháras a mheas*<sup>12</sup> ón gCoimisiún, tugtar le Comhaontú Pháras deis dúinn bunathrú eacnamaíoch, méadú fostaíochta agus fás a bhaint amach. Is gné lárnach é de na mórspríocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, mar aon leis na tosaíochtaí atá ag AE ó thaobh infheistíochta, iomaíochais, an gheilleagair chiorclaigh, taighde, nuálaíochta agus aistriú fuinnimh de.

## **2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

### **• Bunús dlí**

Ós rud é go bhfuil sé mar aidhm le CEFI infheistíochtaí a mhéadú i dtíortha i mbéal forbartha agus i dtríú tíortha eile araon, is le hAirteagal 209(1) (i gcás tíortha i mbéal forbartha) agus le hAirteagal 212(2) (i gcás tríú tíortha eile) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá bhrí sin, a sholáthraítear an bunús dlí do na gníomhaíochtaí comhair anseo.

### **• Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach) agus comhréireacht**

I gcomhréir le príonsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CFAE, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach ina n-aonar agus tá AE, dá bhrí sin, sa riocht is fearr chun iad a ghnóthú. De bharr a fairsinge agus a hiarmhairtí, is amhlaidh gur fearr gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal Aontais chun na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach. Rud is sonraí fós, spreagfaidh an idirghabháil ar leibhéal AE infheistíocht phríobháideach ón Aontas Eorpach ar fad agus ó thríú tíortha, agus an úsáid is fearr á baint as na hInstitiúidí Eorpacha agus as an eolas agus an saineolas atá acu chun na críche sin. Tríd an mBord Straitéiseach a chur ar bun, cinnteofar go mbeidh comhsheasmhacht agus comhleanúnachas ann idir na cláir agus na tionscnaimh éagsúla atá ann ar leibhéal Eorpach. Mar gheall ar an méid sin ar fad, b'airde i bhfad an iarmhairt agus an tionchar a bheidh ann ar an talamh ná an iarmhairt agus an tionchar a bhainfí amach faoi chlár infheistíochta ó Bhallstát aonair nó ó ghrúpa Ballstát.

### **• An rogha ionstraime**

Moladh go ndéanfaí CEFI a chur ar bun agus Ciste Ráthaíocht CEFI a bhunú trí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh sa ghnáthnós imeachta reachtach. Ní fhéadfaidh ach an reachtóir ráthaíocht a bhunú lena ngabhann dliteanas teagmhasach don Aontas. Ar aon dul leis sin, molann an Coimisiún go leasófaí Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

<sup>11</sup> COM(2015) 81 final/2.

<sup>12</sup> COM(2016) 110.

### 3. COMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA, AGUS SAINÉOLAS A BHAILIÚ

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara**

Chuathas i mbun comhairliúchán neamhfoirmiúil taiscéalaíoch leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), le hInstitiúidí Airgeadais na mBallstát, leis an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus le Grúpa an Bhainc Dhomhanda. Mar aon leis an earnáil phríobháideach agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, chuathas i gcomhairle le hArdán AE um Meascadh i gComhar Seachtrach (EUBEC) freisin.

- **Bailiú agus a úsáid saineolais**

Tá taithí fhairsing ag an gCoimisiún ar ionstraimí den chineál céanna, amhail an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)<sup>13</sup>, do bheartais inmheánacha AE agus ar roinnt ionstraimí airgeadais agus deontas struchtúrtha a dtacaítear leo faoi shaoráidí measctha AE do bheartais sheachtracha AE<sup>14</sup>. Is é an cuspóir atá ann infheistíocht bhreise a thiomsú, go háirithe infheistíocht ó infheisteoirí príobháideacha, trí ráthaíochtaí páirteacha nó trí mhaoláin riosca ar bhonn céadchailleanais nó *pari passu* a sholáthar d'institiúidí airgeadais, go háirithe na hInstitiúidí Poiblí Airgeadais sin atá páirteach i Meascadh AE i ngníomhaíocht sheachtrach faoi láthair, ar institiúidí iad a sholáthraíonn tacaíocht freisin (trí iasachtaí, trí ráthaíochtaí, trí chothromas nó trí tháirgí den chineál céanna).

- **Ceartha bunúsacha**

Tionscadail a bhfuil ráthaíocht acu faoi CEFI, déanfar scrúdú orthu maidir leis an tionchar atá acu ar chearta bunúsacha. Faoi chuimsiú phrionsabail agus chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, Bheartas athbhreithnithe Comharsanachta na hEorpa<sup>15</sup>, an Chomhdhearcaidh Eorpaigh maidir le Forbairt<sup>16</sup>, an Chláir Oibre don Athrú<sup>17</sup> agus na leasuithe a rinneadh orthu agus na nithe a cuireadh leo ina dhiaidh sin: (a) beidh sé mar phríomhchuspóir le comhar faoin Rialachán seo an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus aghaidh á tabhairt ar bhunchúiseanna na himirce san am céanna; (b) cuirfear leis na nithe seo a leanas freisin faoin obair comhair a dhéanfar faoin rialachán seo: (i) forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus comhshaoil atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú; (ii) tacú leis an daonlathas, leis an smacht reatha, leis an dea-rialachas, le cearta an duine, le comhionannas inscne agus le prionsabail iomchuí an dlí idirnáisiúnta, agus iad a chomhdhlúthú; (iii) cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus a chuimsíonn cearta an duine ar fad a chur chun feidhme ar aon dul leis na prionsabail threoracha a ghabhann leo (trédhearcacht, rannpháirtíocht, neamhidirdhealú, cuntasacht); (iv) an Plean Gníomhaíochta Inscne<sup>18</sup> a chur chun feidhme. Déanfar baint amach na gcuspóirí sin a thomhas trí úsáid a bhaint as táscairí ábhartha, lena n-áirítear táscairí forbartha daonna, go háirithe spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus as táscairí eile

<sup>13</sup> Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 – an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, IO L 169 11.7.2015.

<sup>14</sup> I gcás na hAfraice, féach Cinneadh (2015)5210 ón gCoimisiún. I gcás na Comharsanachta, féach Cinneadh (2016)3436 ón gCoimisiún.

<sup>15</sup> JOIN(2015) 50 final.

<sup>16</sup> (2006/C 46/01).

<sup>17</sup> COM(2011) 637 final.

<sup>18</sup> SWD(2015) 182 final.

arna gcomhaontú ar leibhéal idirnáisiúnta ag an Aontas agus ag na Ballstáit (e.g. Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine).

#### 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuirfidh an tAontas méid iomlán EUR 750 000 000 ar fáil do Ráthaíocht CEFI go dtí an bhliain 2020, airgead a thógtar ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus ón 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF)<sup>19</sup> araon. D'fhéadfaí tuilleadh maoinithe a chur ar fáil ina dhiaidh sin. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh go slógfaí an corrlach teagmhasach ar mhaithe le méid EUR 250 000 000 a sholáthar. Dhéanfaí ranníocaíochtaí eile ó bhuiséad an Aontais trí ath-imscaradh a úsáid nó trí chistí cláraithe a athdhíriú. D'fhéadfaí maoiniú breise a fháil freisin i bhfoirm íocaíochtaí ó ranníocóirí eile amhail na Ballstáit.

#### 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is é an Coimisiún a bhainisteoidh CEFI. Cuirfear chun feidhme é trí ardáin réigiúnacha infheistíochta ina gcomhcheanglófar maoiniú ó shaoráidí measctha atá ann cheana don Afraic agus don Chomharsanacht agus deonú Ráthaíocht CEFI.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Beidh CEFI comhdhéanta d'ardáin réigiúnacha infheistíochta ina gcomhcheanglófar maoiniú ó shaoráidí measctha atá ann cheana don Afraic agus don Chomharsanacht agus deonú Ráthaíocht CEFI.

Díreofar obair na n-ardán réigiúnach infheistíochta ar bhaint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe a shaothrú agus ar aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar bhunchúiseanna na himirce.

Chun críocha thionscnamh CEFI, athdhíreofar cuspóirí na Saoráide Infheistíochta don Afraic<sup>20</sup> agus cuspóirí na Saoráide Infheistíochta don Chomharsanacht<sup>21</sup> agus athainmneofar iad chun a bheith ar na hardáin nua infheistíochta do na réigiúin faoi seach. Bainfear úsáid as na struchtúir atá ann cheana féin chun déanamh amhlaidh. Is le Cinneadh ón gCoimisiún a dhéanfar na hathruithe sin.

Is ionann struchtúir do na hardáin réigiúnacha infheistíochta agus do na saoráidí measctha atá ann cheana.

Gheobhaidh an Coimisiún comhairle ó Bhord Straitéiseach agus ó dhá Bhord Oibriúcháin, ceann amháin do gach Ardán Réigiúnach Infheistíochta. Is é an Coimisiún a bhainisteoidh Rúnaíocht CEFI. Cinnteoidh an Rúnaíocht go gcuirfear i gcrích na cúraimí agus na feidhmeanna uile a theastaíonn chun cuspóirí an Phlean Infheistíochta Seachtraí a chomhlíonadh. Gheobhaidh an Coimisiún treoir straitéiseach ón mBord Straitéiseach, a bheidh faoi chomhchathaoirleacht ag ionadaithe ón gCoimisiún agus ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus a bheidh comhdhéanta de na Ballstáit agus de BEI. Cabhróidh an Bord leis an gCoimisiún spriocanna foriomlána infheistíochta a leagan síos maidir le húsáid Ráthaíocht CEFI, á chinntiú go mbeidh comhordú agus comhleanúnachas ann idir na hArdáin Réigiúnacha Infheistíochta agus leis an Sainordú

<sup>19</sup> IO L 210/1, 6.8.2013.

<sup>20</sup> COM(2015) 5210.

<sup>21</sup> COM(2016) 3436.

Iasachtaithe Sheachtraigh, leis an Tionscnamh Athléimneachta agus leis an tSaoráid Infheistíochta do Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) atá faoi bhainistíocht ag BEI. Déanfaidh BEI rannchuidiú gníomhach trí fheidhmeanna comhairleacha a sholáthar don Choimisiún maidir le bainistiú oibríochtúil na ráthaíochta.

Cinntear go ndéanfar measúnú teicniúil fóna agus dícheall cuí ar thionscadail aonair agus go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach tapa. Sula gceadóidh an Coimisiún na tograí infheistíochta, déanfaidh na contrapháirtithe incháilithe measúnú ar a fhóna atá na tionscadail agus ar an riosca a ghabhann leo. Fíoróidh saineolaithe neamhspleácha na tionscadail ansin chun a chinntiú go bhfuil siad creidiúnach don earnáil phríobháideach. Is do gach fuinneog infheistíochta a chinnfear na modhanna praiticiúla mionsonraithe maidir le conas an ráthaíocht a chur chun feidhme.

Féadfar breithniú a dhéanamh amach anseo ar ardáin bhreise infheistíochta a chruthú.

Ceann de chomhpháirteanna CEFI is ea Ráthaíocht CEFI. Is é an aidhm atá le Ráthaíocht CEFI acmhainn ráthaíochta a sholáthar le haghaidh feabhsú creidmheasa, rud a bheidh chun tairbhe do na hinfeistíochtaí deiridh agus lena gcumasófar comhroinnt riosca le hinfeisteoirí eile, go háirithe gníomhaithe príobháideacha, ar deireadh. Déanfar maoiniú breise a ghairáil leis an Ráthaíocht freisin, go háirithe maoiniú ón earnáil phríobháideach, trí aghaidh a thabhairt ar na príomhthosca lena ndéantar infheistíocht phríobháideach a phlódú isteach.

Is trí Chiste Ráthaíocht CEFI a sholáthrófar an leachtacht i gcás go ngairfear ar ráthaíocht CEFI chun cailteanais arna dtabhú faoi na comhaontuithe ráthaíochta a chumhdach. Ní hé amháin go ndearlacfar Ciste Ráthaíocht CEFI le hairgead ó bhuiséad AE agus ó CEF, b'fhéidir go gcuirfeadh ranníocóirí eile airgead ar fáil dó freisin. Úsáidfeadh an Ciste chun cailteanais fhéideartha arna dtabhú ag contrapháirtithe incháilithe amhail institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, bainc forbartha agus infheisteoirí earnála príobháidí a iompar.

Togra le haghaidh

## **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) agus lena mbunaítear Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíocht CEFI**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209(1) agus Airteagal 212(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá Plean uailmhianach Infheistíochta Seachtraí an Aontais ag teastáil chun tacú le hinfeistíochtaí a thionscnaítear san Afraic agus i gComharsanacht an Aontais mar dhóigh le spriocanna forbartha inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 na Náisiúin Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe ('Clár Oibre 2030') agus na gealltanais a tugadh faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa a athbhreithníodh le déanaí, mar dhóigh leis na nithe a chur chun cinn. Trína bhíthin sin, rachfar i ngleic le bunchúiseanna na himirce san am céanna. Ina theannta sin, ba cheart an Plean Infheistíochta Seachtraí a bheith ina rannchuidiú Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide (COP 21) a chur chun feidhme.
- (2) Ba cheart gealltanais an Aontais a thugtar i gClár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa maidir le Maoiniú don Fhorbairt a chur ar áireamh sa Phlean Infheistíochta Seachtraí. Chomh maith leis sin, ba cheart infheisteoirí agus cuideachtaí príobháideacha san Eoraip, lena n-áirítear frontair bheaga agus mheánmhéide, a chumasú leis an bPlean freisin páirt níos éifeachtaí a ghlacadh i bhforbairt inbhuanaithe i dtíortha comhpháirtíochta.
- (3) Tá an méid sin ag teacht le Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála, arae sa straitéis sin tá dúshlán ar nós na himirce agus na hathléimneachta ionchorpraithe i mbeartas eachtrach foriomlán an Aontais, á chinntiú go mbíonn comhleanúnachas agus sineirgí ann le beartais forbartha agus Chomharsanachta na hEorpa.
- (4) Ba cheart pacáiste comhtháite airgeadais a sholáthar leis an bPlean Infheistíochta Seachtraí chun infheistíochtaí a thionscnaítear i réigiúin na hAfraice a mhaoiniú i gcás tíortha is sínitheoirí leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000<sup>22</sup> agus do thíortha sa Chomharsanacht, ar mhaithe le fás agus le

<sup>22</sup> IO L 317, 15.12.2000 arna leasú go deireanach le IO L 287, 4.11.2010.



deiseanna fostaíochta a chruthú, le breisiócht a uasmhéadú, le táirgí nuálacha a sholáthar agus le cistí earnála príobháidí a phlódú isteach.

- (5) Ba cheart an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) a bheith comhdhéanta d'ardáin réigiúnacha infheistíochta, ina mbeidh idir mhaoiniú ó shaoráidí measctha atá ann cheana agus Ráthaíocht CEFI. Is le Cinneadh C(2015)5210 ón gCoimisiún a cruthaítear na saoráidí measctha atá ann cheana don Afraic agus is le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016)3436 a chruthaítear na saoráidí don Chomharsanacht. Ba cheart bord oibriúcháin a bheith ag gach ardán réigiúnach infheistíochta. Tacóidh na boird oibriúcháin leis an gCoimisiún spriocanna réigiúnacha agus earnála infheistíochta agus fuinneoga réigiúnacha, earnála agus téamacha infheistíochta a shainiú; tiocfaidh siad ar thuairimí maidir leis na hoibríochtaí measctha; agus pléifidh siad bealaí chun Ráthaíocht CEFI a úsáid ar aon dul leis na fuinneoga infheistíochta a shaineofar.
- (6) Ina theannta sin, ba cheart CEFI a bheith ina 'ionad ilfhreastail' maidir le tograí maoiniúcháin a fháil ó institiúidí airgeadais agus ó infheisteoirí poiblí nó príobháideacha agus maidir le raon leathan tacaíochta airgeadais a sholáthar d'infheistíochtaí incháilithe. Ba cheart Ciste Ráthaíocht CEFI a bheith ina thaca ag Ráthaíocht CEFI. Ba cheart ionstraimí nuálacha a chur trí CEFI chun tacú le hinfeistíochtaí agus chun ról a thabhairt don earnáil phríobháideach.
- (7) Ba cheart do Bhord Straitéiseach CEFI comhordú CEFI a áirithiú agus a chinntiú go bhfuil CEFI comhleanúnach le sainordú iasachta seachtrach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) mar a leagtar amach i gCinneadh [atá fós le glacadh], lena n-áirítear le tionscnamh athléimneachta BEI agus leis an tSaoráid Infheistíochta do Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC)<sup>23</sup>.
- (8) Ina theannta sin, ba cheart don Bhord Straitéiseach treoir straitéiseach a thabhairt don Choimisiún agus tacú leis an gCoimisiún spriocanna foriomlána infheistíochta a leagan síos. Ba cheart don Bhord Straitéiseach tacú le comhordú agus le comhleanúnachas idir na hardáin réigiúnacha freisin. Ba cheart go gcinnteodh an obair sin go mbeidh na hionstraimí éagsúla a úsáidfear i ngníomhaíocht sheachtrach ina gcomhlánú ar a chéile. Ba cheart an Bord Straitéiseach a bheith faoi chomhchathaoirleacht ag an gCoimisiún agus ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a chinntiú le cuspóirí beartais sheachtraigh an Aontais agus le creataí comhpháirtíochta atá i bhfeidhm le tríú tíortha.
- (9) Ba cheart Ráthaíocht CEFI a dheonú do chontrapháirtithe atá incháilithe d' oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta nó le haghaidh ionstraimí ráthaíochta ar feadh tréimhse infheistíochta tosaigh go dtí an 31 Nollaig 2020.
- (10) D'fhonn solúbthacht a chur ar fáil, méadú a dhéanamh ar a tharraingtí atá an Ráthaíocht ag an earnáil phríobháideach agus tionchar na n-infheistíochtaí a dhéanamh chomh mór agus is féidir, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le maolú ar Airteagal 58(1)(c)(vii) de Rialachán (AE) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>24</sup>, mar a bhforáiltear gur féidir leis na contrapháirtithe incháilithe ar comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach iad a bheith ina gcomhlachtaí nach

<sup>23</sup> Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú Cotonou.

<sup>24</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus a bheith ina gcomhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach tíre comhpháirtíochta freisin.

- (11) Ba cheart don Choimisiún comhaontuithe ráthaíochta a thabhairt i gcrích leis na contrapháirtithe incháilithe, comhaontuithe ina leagfaí amach na forálacha sonracha faoina ndeonófar Ráthaíocht CEFI dóibh. Sna comhaontuithe sin, ba cheart an bunús dlí a sholáthar do chomhroinnt leordhóthanach riosca, rud lena dtabharfar dreasachtaí do na contrapháirtithe incháilithe maoiniú a sholáthar agus lena soláthrófar na sásraí agus na nósanna imeachta le haghaidh gairmeacha féideartha ar Ráthaíocht CEFI.
- (12) Ba cheart don Aontas ráthaíocht EUR 1 500 000 000 a chur ar fáil chun Ráthaíocht CEFI a bhunú. Iarrtar na Ballstáit agus ar ranníocóirí eile tacú le Ciste Ráthaíocht CEFI i bhfoirm airgid (i gcás na mBallstát agus ranníocóirí eile araon) nó i bhfoirm ráthaíochtaí (i gcás na mBallstát amháin) d'fhonn an maolán leachtachta a mhéadú agus, dá bhrí sin, méid iomlán Ráthaíocht CEFI a mhéadú san am céanna. Ba cheart don Aontas ráthaíocht EUR 1 500 000 000 a chur ar fáil chun Ráthaíocht CEFI a bhunú. Ba cheart iarraidh ar na Ballstáit, ar institiúidí poiblí airgeadais agus ar ranníocóirí eile cistiú breise a chur ar fáil do Chiste Ráthaíocht CEFI de réir coinníollacha ba cheart a bhunú i gcomhaontú idir an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, agus gach ceann de na ranníocóirí.
- (13) Ba cheart Ciste Ráthaíocht CEFI a bhunú mar mhaolán leachtachta i gcás go ndéanfar gairm ar Ráthaíocht CEFI. D'fhonn leibhéal a bhaint amach lena léirítear go leordhóthanach dliteanais airgeadais AE i dtaca le Ráthaíocht CEFI, ba cheart don Aontas EUR 750 000 000 a chur ar fáil.
- (14) D'fhonn méadú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag Ráthaíocht CEFI i bhfianaise na riachtanas sna réigiúin lena mbaineann, ba cheart do na Ballstáit bheith in ann ranníocaíochtaí a sholáthar i bhfoirm ráthaíochta nó airgid. D'fhéadfaí na ranníocaíochtaí sin a chur in áirithe de réir réigiúin, earnála nó fuinneog infheistíochta.
- (15) Toisc gur do na tíortha atá incháilithe faoin 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF)<sup>25</sup> a úsáidfear cistí CEF, teastaíonn EUR 400 000 000 ar a laghad lena aghaidh ó chumhdach Ráthaíocht CEFI le haghaidh infheistíochtaí le linn thréimhse cur chun feidhme Ráthaíocht CEFI. Níor cheart Ráthaíocht CEFI a bheith ar fáil go dtí go leithdháilfear EUR 400 000 000 ó chistí an 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta ar Chiste Ráthaíocht CEFI.
- (16) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach bliain maidir leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear le Ráthaíocht CEFI d'fhonn cuntasacht a chinntiú do shaoránaigh Eorpacha. Ba cheart an tuarascáil sin a chur ar fáil don phobal ionas go mbeidh deis ag páirtithe leasmhara iomchuí, an tsochaí shibhialta san áireamh, a gcuid tuairimí a chur in iúl ina leith. Ar mhaithe le cuntasacht agus le trédhearcacht a chinntiú, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach bliain freisin maidir le bainistiú Chiste Ráthaíocht CEFI.

---

<sup>25</sup> Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag cruinniú dóibh laistigh den Chomhairle, ar mhaoiniú cúnaimh Aontais Eorpaigh faoin gceat airgeadais ilbhliantúil don thréimhse 2014 go 2020, de réir Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus ar leithroinnt cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear lena mbaineann Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 210, 6.8.2013, lch. 1).

- (17) D'fhonn ceachtanna a foghlaimíodh san am atá caite a chur san áireamh agus d'fhonn is go dtiocfaidh forás ar CEFI, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú CEFI agus ar úsáid Chiste Ráthaíocht CEFI. Ba cheart meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chloíonn sé lena bhunús dlí. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh air freisin ar mhaithe lena fháil amach cé chomh hinfheidhme is atá an Rialachán maidir le baint amach a chuspóirí.
- (18) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, d'fhonn a shuí an raibh calaois, éilliú, sciúradh airgid nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais ar bun i dtaca le haon oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo, tá an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) i dteideal imscrúduithe a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>26</sup>, le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle<sup>27</sup> agus le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle.<sup>28</sup>
- (19) D'fhonn cur leis an gcomhrac idirnáisiúnta in aghaidh calaois chánach, imghabháil cánach agus sciúradh airgid, níor cheart do na contrapháirtithe incháilithe tacú le haon ghníomhaíochtaí a dhéantar chun críocha neamhdhleathacha agus níor cheart dóibh ach oiread páirt a ghlacadh in aon oibríocht mhaoiniúcháin ná infheistíochta trí mheán atá lonnaithe i ndlínse neamh-chomhoibríoch.
- (20) D'fhonn gealltanais pholaitiúla AE a chomhlíonadh maidir le fuinneamh in-athnuaite agus maidir leis an athrú aeráide, ba cheart sciar íosta 20 % den chistiú a leithdháilfear faoi CEFI a chur ar leataobh le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bhaineann leis na hearnálacha sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I FORÁLACHA TOSAIGH

### *Airteagal 1* *Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíocht CEFI.
2. Chun críocha mhír 1, foráiltear leis an Rialachán seo go ndéanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, comhaontuithe ráthaíochta a thabhairt i gcrích leis na contrapháirtithe incháilithe arna sainiú in Airteagal 10.

<sup>26</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

<sup>27</sup> Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

<sup>28</sup> Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

## *Airteagal 2* *Sainmhínte*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'ardáin réigiúnacha infheistíochta' saoráidí measctha i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 236/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>29</sup> agus le hAirteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/323<sup>30</sup> ón gComhairle maidir leis an ranníocaíocht ón 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta mar aon le deonú Ráthaíocht CEFI mar a leagtar amach in Airteagal 6.

(2) ciallaíonn 'fuinneog infheistíochta' réimse spriocdhírthe ina n-úsáidfead Ráthaíocht CEFI chun tacaíocht a thabhairt do phunanna infheistíochtaí i réigiúin shonracha, i dtíortha sonracha nó in earnálacha sonracha, tacaíocht a chuirfead chun feidhme trí na hardáin réigiúnacha infheistíochta;

(3) ciallaíonn 'ranníocóir' Ballstát, institiúid idirnáisiúnta airgeadais nó institiúid phoiblí de chuid Ballstáit, gníomhaireacht phoiblí nó eintitis eile a sholáthraíonn ranníocaíochtaí i bhfoirm deontas airgid nó ráthaíochtaí do Chiste Ráthaíocht CEFI;

(4) ciallaíonn 'tíortha comhpháirtíochta' tíortha is sínitheoirí leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir na baill de Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou an 23 Meitheamh 2000<sup>31</sup>, tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>32</sup>, mar aon le tíortha atá incháilithe do chomhar geografach faoi Rialachán (AE) Uimh. 233/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>33</sup>.

(5) ciallaíonn 'breisíocht' an prionsabal arb é atá ann deimhin a dhéanamh de nach bhféadfar an tacaíocht ó Ráthaíocht CEFI a úsáid in ionad tacaíocht ó Bhallstát, in ionad maoiniú príobháideach ná in ionad aon chineáil eile idirghabhála airgeadais ón Aontas agus go bhfuiltear ceaptha an tacaíocht sin a úsáid chun dul i ngleic le teipeanna margaidh agus chun féachaint leis nach bplódaítear amach infheistíochtaí poiblí nó príobháideacha eile.

---

<sup>29</sup> Rialachán (AE) Uimh. 236/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta coiteanna le haghaidh chur chun feidhme ionstraimí an Aontais chun an ghníomhaíocht sheachtrach a mhaoiniú (IO L 77, 15.3.2014, lch. 95).

<sup>30</sup> Rialachán (AE) Uimh. 2015/323 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta (IO L 58, 3.3.2015, lch. 17).

<sup>31</sup> IO L 317, 15.12.2000 arna leasú go deireanach le IO L 287, 4.11.2010.

<sup>32</sup> Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IO L 77, 15.3.2014, lch. 27).

<sup>33</sup> Rialachán (AE) Uimh. 233/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim maoinithe maidir le comhar um fhorbairt don tréimhse 2014-2020 (IO L 77, 15.3.2014, lch. 44).

CAIBIDIL II  
AN CISTE EORPACH UM FHORBAIRT INBHUANAITHE

*Airteagal 3*  
*Cuspóir*

1. Maidir le CEFI a úsáid mar phacáiste comhtháite airgeadais, beidh sé de chuspóir aige, trí acmhainn mhaoiniúcháin a sholáthar do chontrapháirtithe incháilithe i bhfoirm deontas, ráthaíochtaí agus ionstraimí airgeadais eile, tacú le hinfheistíochtaí agus le tíortha comhpháirtíochta san Afraic agus sa Chomharsanacht rochtain níos mó a fháil ar mhaoiniú.

2. Beidh CEFI ina rannchuidiú Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, agus béim ar leith á cur ar fhás inbhuanaithe, ar chruthú fostaíochta, ar earnálacha socheacnamaíocha agus ar thacaíocht a thabhairt do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus dá bharr sin rachfar i ngleic le bunchúiseanna na himirce agus rannchuideofar le hathimeascadh inbhuanaithe imirceach a cuireadh ar ais chun a dtíre tionscnaimh agus, san am céanna, uasmhéadófar breisíocht, soláthrófar táirgí nuálacha agus déanfar tuilleadh cistí ón earnáil phríobháideach a phlódú isteach.

*Airteagal 4*  
*Struchtúr CEFI*

1. Beidh CEFI comhdhéanta d'ardáin réigiúnacha infheistíochta ina gcomhcheanglófar maoiniú ó shaoráidí measctha atá ann cheana agus Ráthaíocht CEFI.

2. Is é an Coimisiún a bhainisteoidh CEFI.

*Airteagal 5*  
*Bord straitéiseach CEFI*

1. Beidh bord straitéiseach de chúnadh ag an gCoimisiún chun CEFI a bhainistiú.

Tabharfaidh an bord treoir straitéiseach don Choimisiún agus tacóidh sé leis an gCoimisiún spriocanna foriomlána infheistíochta a leagan síos i dtaca le húsáid Ráthaíocht CEFI. Ina theannta sin, tacóidh an bord straitéiseach le comhordú agus le comhleanúnachas foriomlán na n-ardán réigiúnach infheistíochta agus na n-oibríochtaí arna ndéanamh faoi shainordú iasachta seachtrach BEI, lena n-áirítear tionscnamh athléimneachta BEI.

2. Beidh an bord straitéiseach comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún, d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí), de na Ballstáit agus de BEI. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar ranníocóirí eile a bheith ina mbaill den bhord straitéiseach, ag féachaint, nuair is iomchuí, don tuairim ón mbord. Nuair is iomchuí, féadfar stádas breathnóra a thabhairt do Thíortha Comhpháirtíochta, d'eagraíochtaí réigiúnacha iomchuí, do na contrapháirtithe incháilithe agus do Pharlaimint na hEorpa. Beidh an bord straitéiseach faoi chomhchathaoirleacht ag an gCoimisiún agus ag an Ardionadaí.

CAIBIDIL III  
RÁTHAÍOCHT CEFI AGUS CISTE RÁTHAÍOCHT CEFI

***Airteagal 6***  
***Ráthaíocht CEFI***

1. Déanfaidh an tAontas ráthaíocht neamh-inchúlghairthe neamhchoinníollach ar an gcéad éileamh a sholáthar don chontrapháirtí incháilithe d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a thionscnaítear sna tíortha comhpháirtíochta san Afraic agus sa Chomharsanacht agus a chumhdaítear leis an Rialachán seo.
2. Déanfar Ráthaíocht CEFI a dheonú mar ráthaíocht ar an gcéad éileamh i leith na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 9 agus i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 8.

***Airteagal 7***  
***Ceanglais chun Ráthaíocht CEFI a úsáid***

1. Beidh deonú Ráthaíocht CEFI faoi réir comhaontú Ráthaíocht CEFI a thabhairt i gcrích idir an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, agus an contrapháirtí incháilithe.
2. Is go dtí an 31 Nollaig 2020 a mhairfidh an tréimhse infheistíochta tosaigh a bhféadfar lena linn comhaontuithe Ráthaíocht CEFI a thacaíonn le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a thabhairt i gcrích leis na contrapháirtithe incháilithe.
3. Ceithre bliana tar éis an comhaontú ráthaíochta iomchuí a thabhairt i gcrích, sin é an uastréimhse a bheidh ag contrapháirtithe incháilithe chun comhaontuithe a thabhairt i gcrích le hidirghabhálaithe airgeadais nó le tairbhíthe deiridh.

***Airteagal 8***  
***Na critéir incháilitheachta maidir le Ráthaíocht CEFI a úsáid***

1. Maidir leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a bheidh incháilithe do thacaíocht ó Ráthaíocht CEFI, beidh siad comhsheasmhach agus ar comhréim le beartais an Aontais, go háirithe a bheartais forbartha agus chomharsanachta, agus le straitéisí agus le beartais na dtíortha comhpháirtíochta, agus beidh sé d'aidhm acu tacú leis na cuspóirí ginearálta seo a leanas:
  - (a) rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, agus béim ar leith á cur ar inbhuanaitheacht agus ar chruthú fostaíochta (go háirithe don aos óg agus do mhná), d'fhonn dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce agus rannchuidiú le hathimeascadh inbhuanaithe imirceach a cuireadh ar ais chun a dtíre tionscnaimh;
  - (b) díriú ar earnálacha socheacnamaíoch, go háirithe codanna den bhonneagar amhail fuinneamh inbhuanaithe, uisce, iompar agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an comhshaol, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus fás gorm, bonneagar sóisialta agus caipiteal daonna d'fhonn feabhas a chur ar an timpeallacht shocheacnamaíoch;
  - (c) maoiniú a sholáthar do mhicrifhiontar agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus béim ar leith á cur ar forbairt na hearnála príobháidí;
  - (d) ionstraimí airgeadais a sholáthar a mbeidh sé d'aidhm acu dul i ngleic le baic atá roimh infheistíochtaí príobháideacha, lena n-áirítear ráthaíochtaí céadchailleanais do phunanna ráthaíochtaí le haghaidh tionscadail earnála príobháidí, amhail ráthaíochtaí

iasachta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ráthaíochtaí lena gcumhdaítear rioscaí sonracha i dtionscadail bhonneagair agus caipiteal eile riosca;

(e) gearáil na hearnála príobháidí a uasmhéadú trí dhul i ngleic le baic ar infheistíocht.

2. Úsáidfeadh Ráthaíocht CEFI chun tacú le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta dá leithéidí seo go háirithe:

(a) oibríochtaí lena gcuirtear breisíocht ar fáil;

(b) oibríochtaí lena gcinntítear, trí chomhroinnt leordhóthanach riosca, go bhfuil leas an chontrapháirtí incháilithe agus na gcomhpháirtithe ionchasacha ar aon iúl le chéile;

(c) oibríochtaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus ó thaobh airgeadais de, agus aird á tabhairt ar thacaíocht fhéideartha ó chomhpháirtithe príobháideacha agus poiblí don tionscadal agus ar chómhaoiniú ag comhpháirtithe príobháideacha agus poiblí don tionscadal;

(d) oibríochtaí a bhfuil a ngnéithe teicniúla inmharthana agus a bhfuil a ngnéithe comhshaoil agus sóisialta inbhuanaithe; agus

(e) a oiread úsáide is féidir a bhaint as caipitil ón earnáil phríobháideach.

3. Ar bhonn cás ar chás, féadfaidh an Coimisiún maoiniú comhcheangailte, ó ionstraimí difriúla de chuid an Aontais, a cheadú.

4. Féadfaidh an Coimisiún fuinneoga infheistíochta a shainiú do réigiúin shonracha nó do tíortha sonracha comhpháirtíochta, nó don dá cheann díobh sin, d'earnálacha sonracha nó do chatagóirí sonracha tairbhíthe deiridh, nó don dá cheann díobh sin, a mhaoineofar le hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 9 a chumhdófar, go dtí méid seasta, le Ráthaíocht CEFI. Is faoi bhráid an Choimisiúin a chuirfeadh gach iarraidh ar thacaíocht airgeadais laistigh d'fhuinneoga infheistíochta.

### *Airteagal 9*

#### *Ionstraimí atá incháilithe do Ráthaíocht CEFI*

1. Úsáidfeadh Ráthaíocht CEFI chun rioscaí a chumhdach i gcás na n-ionstraimí seo a leanas:

(a) iasachtaí;

(b) ráthaíochtaí;

(c) frithráthaíochtaí;

(d) ionstraimí margadh caipitil;

(e) aon chineál eile cistithe nó feabhsú creidmheasa, infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais.

2. Maidir leis na hionstraimí a liostaítear i mír 1, féadfaidh contrapháirtithe incháilithe nó ranníocóirí na iad a sholáthar, lena n-áirítear infheisteoirí príobháideacha faoi fhuinneog infheistíochta nó i dtionscadail aonair arna riar ag contrapháirtí incháilithe ar mhaithe le tíortha comhpháirtíochta (lena n-áirítear tíortha leochaileacha agus tíortha ina bhfuil coinbhleacht) agus le hinstitiúidí na dtíortha comhpháirtíochta sin, lena n-áirítear a mbainc phoiblí, phríobháideacha, náisiúnta agus áitiúla agus a n-institiúidí poiblí, príobháideacha, náisiúnta agus áitiúla airgeadais, mar aon le heintitis earnála príobháidí na dtíortha comhpháirtíochta.

**Airteagal 10**  
**Incháilitheacht agus roghnú contrapháirtithe**

1. Beidh siad seo ina gcontrapháirtithe incháilithe chun críocha Ráthaíocht CEFI:

- (a) an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- (b) comhlachtaí dlí phoiblí;
- (c) eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí;
- (d) comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- (e) comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais de mhaolú ar Airteagal 58(1)(c)(vii) de Rialachán (AE) Uimh. 966/2012
- (f) comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach tíre comhpháirtíochta a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais de mhaolú ar Airteagal 58(1)(c)(vii) de Rialachán (AE) Uimh. 966/2012.

2. Cloífidh contrapháirtithe incháilithe leis na rialacha agus leis na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 60 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

3. Déanfaidh an Coimisiún na contrapháirtithe incháilithe a roghnú de bhun Airteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

**Airteagal 11**  
**Cumhdach agus téarmaí chomhaontuithe Ráthaíocht CEFI**

1. Ní bheidh Ráthaíocht CEFI níos mó ná EUR 1 500 000 000 tráth ar bith, gan dochar do mhír 2.

2. Féadfaidh na Ballstáit ranníocaíocht a dhéanamh le Ciste Ráthaíocht CEFI i bhfoirm ráthaíochtaí nó airgid. Faoi réir ceadú a fháil ón gCoimisiún, féadfaidh ranníocóirí eile ranníocaíocht a dhéanamh i bhfoirm airgid.

Is thar ceann an Aontais a dheonófar an méid den Ráthaíocht a bheidh níos mó ná an méid a luaitear i mír 1.

Maidir le glaníocaíochtaí comhiomlána ó bhuiséad ginearálta an Aontais faoi Ráthaíocht CEFI, ní bheidh siad níos mó ná EUR 1 500 000 000. Nuair is gá, is iad na Ballstáit is ranníocóirí nó ranníocóirí eile a dhéanfaidh íocaíochtaí i leith glaonna ráthaíochta ar bhonn *pari passu* leis an Aontas, gan dochar do mhír 4.

Tabharfar comhaontú ranníocaíochta i gcrích idir an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, agus an ranníocóir. Is é a bheidh sa chomhaontú sin go háirithe ná forálacha a bhaineann leis na coinníollacha íocaíochta.

3. Ní bheidh Ráthaíocht CEFI ar fáil ach amháin nuair a dheimhneofar ranníocaíocht airgid EUR 400 000 000 ón 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF)<sup>34</sup> le buiséad ginearálta an Aontais.

---

<sup>34</sup> Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag cruinniú dóibh laistigh den Chomhairle, ar mhaoiniú cúnaimh Aontais Eorpaigh faoin gceat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, de réir Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus ar leithroinnt cúnaimh airgeadais do na



Féadfaidh na Ballstáit ranníocaíocht a dhéanamh le Rátháíocht CEFI i bhfoirm rátháíochtaí nó airgid.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi na ranníocaíochtaí arna ndeimhniú.

4. Maidir leis na ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit i bhfoirm rátháíochta, ní fhéadfar glao orthu chun glaonna rátháíochta a íoc go dtí go mbeidh an cistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais, agus aon ranníocaíochtaí eile airgid, úsáidte chun glaonna rátháíochta a íoc.

Ar iarraidh ó na Ballstáit, féadfar na ranníocaíochtaí arna ndéanamh acu a chur in áirithe ansin chun tionscadail a thionscnaimh i réigiúin shonracha, i dtíortha sonracha, in earnálacha sonracha nó i bhfuinneoga infheistíochta sonracha.

Féadfar aon ranníocaíocht a úsáid le haghaidh glaonna rátháíochta, is cuma cad é a bhfuil sí curtha in áirithe dó.

5. Déanfar EUR 400 000 000 ar a laghad de chumhdach Rátháíocht CEFI a leithdháileadh ar infheistíochtaí sna tíortha comhpháirtíochta atá incháilithe faoin 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta le linn thréimhse cur chun feidhme Rátháíocht CEFI.

### *Airteagal 12* *Comhaontuithe Rátháíocht CEFI a chur chun feidhme*

1. Ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, déanfaidh an Coimisiún comhaontuithe Rátháíocht CEFI a thabhairt i gcrích leis na contrapháirtithe incháilithe arna roghnú de bhun Airteagal 10 agus mhír 4, ar Rátháíocht CEFI a dheonú dó, agus beidh na comhaontuithe sin neamhchoinníollach, neamh-inchúlghairthe agus i bhfabhar an chontrapháirtí incháilithe roghnaithe.

2. Tabharfar comhaontú rátháíochta amháin nó níos mó i gcrích do gach fuinneog infheistíochta idir an Coimisiún agus an contrapháirtí incháilithe nó na contrapháirtithe incháilithe arna roghnú. D'fhonn riar ar riachtanais shonracha, féadfar Rátháíocht CEFI a dheonú le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta aonair. Féadfar comhaontuithe a thabhairt i gcrích le cuibhreannas ina bhfuil dhá chontrapháirtí incháilithe nó níos mó.

3. Beidh sna comhaontuithe forálacha maidir leis na nithe seo a leanas go háirithe:

- (a) rialacha mionsonraithe maidir le Rátháíocht CEFI a sholáthar, lena n-áirítear socruithe na Rátháíochta maidir le cumhdach agus cumhdach sainithe na Rátháíochta i dtaca le punanna agus le tionscadail de chineálacha sonracha ionstraimí;
- (b) luach saothair na Rátháíochta;
- (c) ceanglais i dtaobh Rátháíocht CEFI a úsáid, lena n-áirítear coinníollacha íocaíochta, amhail tréimhsí ama sonracha, an t-ús a íocfar ar mhéideanna atá dlite, speansais agus costais aisghabhála agus socruithe leachtacha is féidir go mbeidh gá leo;
- (d) forálacha agus nósanna imeachta maidir le héilimh a aisghabháil;

---

Tíortha agus na Críocha Thar Lear lena mbaineann Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.

(e) forálacha maidir leis na hoibleagáidí faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta de bhun Airteagal 15 agus Airteagal 16.

4. Agus cinneadh á dhéanamh aige cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh sé comhaontuithe ráthaíochta i gcrích le contrapháirtithe incháilithe, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar na nithe seo a leanas:

- (a) cuspóirí na fuinneoige infheistíochta;
- (b) taithí agus acmhainn oibriúcháin agus airgeadais an chontrapháirtí;
- (c) an méid dá acmhainní dílse atá an contrapháirtí réidh le cur in úsáid don fhuinneog infheistíochta.

5. Agus oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta á gceadú aige, leanfaidh an contrapháirtí incháilithe a rialacha agus a nósanna imeachta féin agus cloífidh sé le téarmaí an chomhaontaithe ráthaíochta.

6. Féadfar na nithe seo a leanas a chumhdach le Ráthaíocht CEFI:

- (a) maidir le hionstraimí fiachais, an phríomhshuim agus an t-ús agus na méideanna uile atá dlite don chontrapháirtí incháilithe roghnaithe agus nach bhfuil faighte aige i gcomhréir le téarmaí na n-oibríochtaí maoiniúcháin tar éis mainneachtain a bheith ann;
- (b) maidir le hinfeistíochtaí cothromais, na méideanna arna n-infheistiú agus na costais chistithe a bhaineann leo;
- (c) maidir le hoibríochtaí eile maoiniúcháin agus infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(2), na méideanna arna n-úsáid agus na costais chistithe a bhaineann leo;
- (d) gach speansas agus gach costas aisghabhála iomchuí a bhaineann le mainneachtain, ach amháin i gcás gur asbhaineadh na speansais agus na costais sin ó fháltais aisghabhála.

7. Leagfar síos sna comhaontuithe ráthaíochta rialacha mionsonraithe maidir leis an gcumhdach, leis na ceanglais, le hincháilitheacht, leis na contrapháirtithe incháilithe agus leis na nósanna imeachta.

### *Airteagal 13* *Ciste Ráthaíocht CEFI*

1. Beidh Ciste Ráthaíocht CEFI ina mhaolán leachtachta óna ndéanfar íocaíocht leis na contrapháirtithe incháilithe i gcás go ndéanfar gairm ar Ráthaíocht CEFI de bhun chomhaontú iomchuí Ráthaíocht CEFI.

2. Is leis na nithe seo a leanas a dhearlacfar Ciste Ráthaíocht CEFI:

- (a) ranníocaíochtaí ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus ó fhoinsí eile;
- (b) ranníocaíochtaí féideartha ó na Ballstáit agus ó ranníocóirí eile;
- (c) torthaí ar acmhainní infheistithe Chiste Ráthaíocht CEFI;
- (d) méideanna arna n-aisghabháil ó fhéichiúnaithe mainneachtana i gcomhréir leis na forálacha aisghabhála a leagtar síos sna comhaontuithe ráthaíochta;
- (e) ioncam agus aon íocaíochtaí eile arna bhfáil ag an Aontas i gcomhréir leis na comhaontuithe ráthaíochta.

3. Maidir le hioncam Chiste Ráthaíocht CEFI dá bhforáiltear i bpointe (c) agus i bpointe (e) de mhír 2, beidh sé ina ioncam sannta inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012.

4. Maidir le hacmhainní Chiste Ráthaíocht CEFI dá dtagraítear i mír 2, bainisteoidh an Coimisiún go díreach iad agus infheistíofar iad i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais. Cuirfear rialacha iomchuí stuamachta i bhfeidhm ina leith freisin.

5. Úsáidfead dearlaicí Chiste Ráthaíocht CEFI chun leibhéal iomchuí soláthair a bhaint amach chun oibleagáidí iomlána Ráthaíocht CEFI a chumhdach. Beidh an ráta soláthair cothrom le 50 % d'oibleagáidí iomlána Ráthaíocht CEFI arna chumhdach le buiséad ginearálta an Aontais.

6. Tar éis measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanaí atá leibhéal Chiste Ráthaíocht CEFI i gcomhréir leis an tuarascáil dá bhforáiltear in Airteagal 15(3), déanfar an méid seo a leanas:

- (a) íocfar aon bharrachas le buiséad ginearálta an Aontais;
- (b) íocfar aon athshlánú ar Chiste Ráthaíocht CEFI i dtráinsí bliantúla le linn uastréimhse 3 bliana dar tús bliain  $n+1$ .

7. Má tharlaíonn sé, ón 1 Eanáir 2021 amach, mar thoradh ar ghlaonna ar Ráthaíocht CEFI, go dtitfidh an leibhéal acmhainní sa Chiste Ráthaíochta faoi bhun 50 % den ráta soláthair dá dtagraítear i mír 5, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil isteach maidir le bearta eisceachtúla a d'fhéadfadh bheith riachtanach chun Ciste Ráthaíocht CEFI a athshlánú.

8. Tar éis glao a bheith déanta ar Ráthaíocht CEFI, úsáidfead dearlaicí Chiste Ráthaíocht CEFI dá bhforáiltear i bpointe (c), i bpointe (d) agus i bpointe (e) de mhír 2 atá níos mó ná na hacmhainní a theastaíonn chun an ráta soláthair dá dtagraítear i mír 5 a bhaint amach, úsáidfead iad laistigh de theorainneacha na tréimhse infheistíochta tosaigh dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) chun Ráthaíocht CEFI a thabhairt ar ais go dtí an méid tosaigh a bhí aici.

#### ***Airteagal 14***

#### ***Ciste Ráthaíocht CEFI a mhaoiniú ó bhuiséad ginearálta an Aontais***

Soláthrófar ranníocaíocht EUR 350 000 000 ó bhuiséad ginearálta an Aontais.

### CAIBIDIL IV

### TUAIRISCIÚ, CUNTASAÍOCHT AGUS MEASTÓIREACHT

#### ***Airteagal 15***

#### ***Tuairisciú agus cuntasaíocht***

1. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an oibríocht maoiniúcháin agus infheistíochta arna cumhdach le Ráthaíocht CEFI. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí. Beidh na nithe seo a leanas inti:

- (a) measúnú ar na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atá i bhfeidhm agus a chumhdaítear le Ráthaíocht CEFI agus ar leibhéal earnála, tíre agus réigiúnacha agus ar a mhéid a chomhlíonann siad an Rialachán seo;
- (b) measúnú ar an mbreisluach, ar chur in úsáid acmhainní ón earnáil phríobháideach, ar an aschur measta agus iarbhír agus ar thorthaí agus ar thionchar na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear le Ráthaíocht CEFI ar bhonn comhiomlánaithe, lena n-áirítear an tionchar ar chruthú fostaíochta;

- (c) measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le húsáid Ráthaíocht CEFI agus ar na príomhtháscairí feidhmíochta arna mbunú le haghaidh gach togra arna gcur isteach;
- (d) measúnú ar an éifeacht ghíarála a baineadh amach leis na hoibríochtaí arna cumhdaíodh le Ráthaíocht CEFI;
- (e) an méid airgeadais a aistríodh chuig tairbhíthe agus measúnú ar oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta gach contrapháirtí ar bhonn comhiomlánaithe;
- (f) measúnú ar bhreisluach oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta na gcontrapháirtithe incháilithe agus ar an riosca comhiomlán a bhaineann leis na hoibríochtaí sin;
- (g) faisnéis mhionsonraithe maidir le glaonna ar Ráthaíocht CEFI, caillteanais, torthaí, méideanna a aisghabhadh agus aon íocaíochtaí eile a fuarthas;
- (h) na tuarascálacha airgeadais maidir le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta na gcontrapháirtithe incháilithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo arna n-iniúchadh ag iniúcháir seachtrach neamhspleách.

2. Chun críocha chuntasaíocht an Choimisiúin, a thuairiscithe ar na rioscaí a chumhdaítear le Ráthaíocht CEFI agus a bhainistithe ar Chiste Ráthaíocht CEFI, cuirfidh na contrapháirtithe incháilithe ar tugadh comhaontú ráthaíochta i gcóir leo tuarascálacha airgeadais faoi bhráid an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúcháirí gach bliain maidir leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo arna n-iniúchadh ag iniúcháir seachtrach neamhspleách agus sna tuarascálacha sin beidh faisnéis maidir leis na nithe seo, *inter alia*:

- (a) an measúnú riosca ar oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta na gcontrapháirtithe incháilithe, lena n-áirítear faisnéis maidir le dliteanais an Aontais arna dtomhas ar bhonn an méid a comhlíonadh rialacha cuntasaíochta an Aontais arna socrú ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin bunaithe ar na caighdeáin cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta le haghaidh na hearnála poiblí;
- (b) an oibleagáid airgeadais atá gan íoc ar an Aontas a eascraíonn as Ráthaíocht CEFI arna soláthar le haghaidh na gcontrapháirtithe incháilithe agus a n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta, arna miondealú de réir oibríochtaí aonair.

Cuirfidh na Contrapháirtithe, arna iarraidh sin orthu, aon fhaisnéis bhreise is gá ar fáil don Choimisiún ionas go bhféadfaidh an Coimisiún a oibleagáidí i ndáil leis an Rialachán seo a chomhlíonadh.

3. Faoi 31 Márta gach bliain, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhthéacs a ráitis airgeadais, an fhaisnéis atá riachtanach maidir le staid Chiste Ráthaíocht CEFI a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus na Cúirte Iniúcháirí. Sa bhreis air sin, déanfaidh sé, faoi 31 Bealtaine gach bliain, tuarascáil bhliantúil maidir le bainistiú Chiste Ráthaíocht CEFI sa bhliain féilire roimhe sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus na Cúirte Iniúcháirí, tuarascáil ina mbeidh measúnú ar a leordhóthanaí a bhí soláthar agus leibhéal an Chiste Ráthaíochta agus measúnú ar an ngá lena athshlánú.

Beidh léiriú sa tuarascáil bhliantúil ar staid airgeadais Chiste Ráthaíocht CEFI i ndeireadh na bliana féilire roimhe sin, ar na sreafaí airgeadais sa bhliain féilire roimhe sin agus ar na hidirbhearta móra a rinneadh agus aon fhaisnéis ábhartha maidir leis na cuntais airgeadais. Beidh sa tuarascáil freisin faisnéis maidir le bainistíocht airgeadais, feidhmíocht agus riosca an chiste ráthaíochta i ndeireadh na bliana féilire roimhe sin.

**Airteagal 16**  
**Meastóireacht agus athbhreithniú**

1. Faoin 31 Nollaig 2020, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmiú CEFI. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh meastóireacht neamhspleách ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar áireamh sa tuarascáil. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin a chur isteach gan mhoill i gcás go n-úsáidfear, roimh an 30 Meitheamh 2020, an méid iomlán de Ráthaíocht CEFI atá ar fáil le haghaidh na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta arna gceadú.
2. Faoin 31 Nollaig 2020 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an úsáid atá á baint as Ciste Ráthaíocht CEFI. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh tuairim ón gCúirt Iniúcháirí ag gabháil leis an tuarascáil mheastóireachta sin.

CAIBIDIL V  
FORÁLACHA GINEARÁLTA

**Airteagal 17**  
**Trédhearcacht agus nochtadh poiblí faisnéise**

I gcomhréir lena mbeartais trédhearcachta agus le prionsabail ghinearálta an Aontais maidir le rochtain ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis, cuirfidh na contrapháirtithe incháilithe ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin faisnéis a bhaineann leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta uile a chumhdaítear le Ráthaíocht CEFI faoin Rialachán seo, agus a bhaineann go háirithe leis an gcaoi a gcuireann siad le ceanglais an Rialacháin seo.

**Airteagal 18**  
**Iniúcháireacht ag an gCúirt Iniúcháirí**

1. Is í an Chúirt Iniúcháirí a dhéanfaidh iniúchadh seachtrach ar gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoin Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
2. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo agus arna iarraidh sin ag an gCúirt Iniúcháirí agus i gcomhréir le hAirteagal 287(3) de CFAE, deonófar rochtain don Chúirt Iniúcháirí ar aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhlíonadh.

**Airteagal 19**  
**Bearta frithchhalaoise**

1. Tabharfaidh an Coimisiún nó na contrapháirtithe incháilithe fógra go pras don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus soláthróidh sé/siad an fhaisnéis is gá do OLAF má tá forais amhrais aige/acu, ag tráth ar bith d'uillmhú, de chur chun feidhme nó de dhúnadh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán, go bhfuil calaois, éilliú, sciúradh airgid nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais ar bun.
2. Féadfaidh OLAF imscrúduithe, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, d'fhonn a shuí an raibh

calaois, éilliú, sciúradh airgid nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais ar bun i dtaca le haon oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Féadfaidh OLAF aon fhaisnéis a aimsítear le linn a imscrúduithe a chur chuig údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann.

I gcás go gcruthaítear gurb ann do ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha den sórt sin, déanfaidh na contrapháirtithe incháilith iarrachtaí aisghabhála maidir lena n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus lena mbaineann gníomhaíochtaí den sórt sin.

### ***Airteagal 20***

#### ***Gníomhaíochtaí eisiata agus dlínsí neamh-chomhoibríocha***

1. Ina n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta, ní thacóidh na contrapháirtithe incháilithe le haon ghníomhaíochtaí a dhéantar chun críocha neamhdhleathacha, lena n-áirítear sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoirí, coireacht eagraithe, calaois chánach agus imghabháil cánach, éilliú agus calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Ní ghlacfaidh na contrapháirtithe incháilithe páirt in aon oibríocht mhaoiniúcháin ná infheistíochta trí mheán atá lonnaithe i ndlíne neamh-chomhoibríoch, i gcomhréir lena mbeartas i leith dlínsí lagrialála nó i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha bunaithe ar bheartais an Aontais, na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta nó an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.

2. Ina oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta, cuirfidh an contrapháirtí incháilithe i bhfeidhm na prionsabail agus na caighdeáin a leagtar amach i ndlí an Aontais maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus go háirithe i Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>35</sup> agus i dTreoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>36</sup>. Déanfaidh na contrapháirtithe incháilithe cistiú díreach agus cistiú trí idirghabhálaithe araon faoin Rialachán seo, ag brath ar fhaisnéis úinéireachta tairbhiúla a nochtadh i gcomhréir le Treoir (AE) Uimh. 2015/849.

## CAIBIDIL VI

### FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### ***Airteagal 21***

#### ***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>35</sup> Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistriú cistí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1).

<sup>36</sup> Treoir (AE) Uimh. 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### **1. CREAT AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Cuspóirí
- 1.5. Foras an togra/tionscnaimh
- 1.6. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

### **2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

### **3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas
  - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*
  - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*
  - 3.2.3. *An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
  - 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*
  - 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thrú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam



## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI)

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB<sup>37</sup>

01 03

Gníomhaíocht ABB: Gnóthaí idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

Baineann an togra/tionscnaimh le **beart nua**

Baineann an togra/tionscnaimh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**<sup>38</sup>

Baineann an togra/tionscnaimh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

Baineann an togra/tionscnaimh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

Beidh CEFI comhdhéanta d'Ardáin Réigiúnacha Infheistíochta ina gcomhcheanglófar na saoráidí measctha atá ann cheana i réimse na gníomhaíochta seachtraí agus Rátháíocht nua CEFI.

#### 1.4. Cuspóirí

##### 1.4.1. *Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnaimh dírithe*

Tacú le hinfeistíochtaí i réigiúin lasmuigh d'AE féachaint aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce.

##### 1.4.2. *Cuspóirí sonracha agus gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

###### Cuspóir sonracha

Pacáiste comhtháite beart a chur ar fáil chun infheistíochtaí a mhaoiniú i réigiúin lasmuigh d'AE, rud lena ndéanfaí deiseanna fáis agus fostaíochta a chruthú, breisiócht a uasmhéadú, táirgí nuálacha a sholáthar agus cistí earnála príobháidí a phlódú isteach.

###### Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

01 03 Gnóthaí idirnáisiúnta eacnamaíocha agus airgeadais

##### 1.4.3. *Na torthaí agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnaimh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Áireofar leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) Rátháíocht nua lena gcuirfear raon ionstraimí nuálacha ar fáil chun cistí earnála príobháidí a phlódú

<sup>37</sup> ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

<sup>38</sup> Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

isteach, amhail ráthaíochtaí lena gcumhdófar rioscaí sonracha i dtionscadail bhonneagair.

Ba cheart go gcruthófaí éifeacht iolraitheora trí ráthaíocht AE a chur ar fáil. Cosúil leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) agus le roinnt ionstraimí airgeadais a bhfuil saoráidí measctha AE ag tacú leo ón mbliain 2007 i leith, is é an aidhm atá le Ciste Ráthaíocht CEFI infheistíochtaí breise a chur in úsáid, go háirithe iad sin ó infheisteoirí príobháideacha. Déanfar amhlaidh trí ráthaíochtaí páirteacha ar bhonn céadchailteanais nó *pari passu* a sholáthar d'institiúidí airgeadais is idirghabhálaithe (institiúidí idirnáisiúnta airgeadais de ghnáth), ar institiúidí iad a sholáthraíonn tacaíocht do thairbhíthe iarteachtacha freisin (trí bhíthin iasachtaí, ráthaíochtaí, cothromais nó táirgí den chineál céanna). Dá bhrí sin, is ann do dhá leibhéal gearála idir ráthaíocht buiséid AE arna cur ar fáil agus an infheistíocht iomlán arna chur in úsáid. Ag an gcéad leibhéal, cumasaítear le ráthaíocht AE don institiúid idirnáisiúnta airgeadais is idirghabhálaí méid breise maoiniúcháin ("gearáil inmheánach") a sholáthar. Ag an dara leibhéal ("gearáil sheachtrach"), slógtar le maoiniú na hinstiúidí idirnáisiúnta airgeadais infheistíocht bhreise ag céim an tionscadail.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an tionscnamh domhanda, lena n-áireofaí na gníomhaíochtaí measctha, ina chabhair maidir le hinfeistíochtaí iomlána dar luach EUR 44 billiún ar a mhéad a chur in úsáid go dtí an bhliain 2020.

#### 1.4.4. *Táscairí lena léireofar torthaí agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Rinneadh tacar coiteann íosta táscairí lena léirítear aschuir thionscadail agus torthaí beartaithe a shainiú i gcás oibríochtaí measctha. Is féidir na táscairí sin a úsáid le haghaidh faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Ráthaíocht an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI).

### 1.5. **Foras an togra/tionscnaimh**

#### 1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), tugtar an modh le haghaidh cur chun feidhme a dhéanamh ar chuspóirí beartais an Phlean Infheistíochta Seachtraí (colún 1) mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2016 maidir le Creat Comhpháirtíochta nua a bhunú le tríú tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce. Beidh sé mar phríomhchuspóir le CEFI pacáiste comhtháite airgeadais a sholáthar chun infheistíochtaí a mhaoiniú i réigiúin lasmuigh d'AE. Is é atá i gceist leis sin ná infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a chur in úsáid san Afraic agus sa Chomharsanacht.

#### 1.5.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirtíocht AE*

Is é an aidhm atá leis an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) cineálacha nuálacha agus breise tacaíochta a chur chun cinn, go háirithe tríd an Ráthaíocht nua agus trí fheabhsú creidmheasa. Cuimseofar i gcumhdach na Ráthaíochta nua ionstraimí nuálacha a bheidh dírithe go suntasach ar aghaidh a thabhairt ar bhaic ar infheistíocht phríobháideach nach dtugann an margadh féin aghaidh orthu go fóill, amhail ráthaíochtaí céadchailteanais do phunanna ráthaíochtaí le haghaidh tionscadail eárnála príobháidí, caipiteal riosca, ráthaíochtaí iasachta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide nó ráthaíochtaí lena gcumhdaítear rioscaí sonracha i dtionscadail bhonneagair.

Na hoibríochtaí a mhaoinítear nó a ráthaítear trí ionstraimí an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), is ionann iad agus uirlis shofheicthe éifeachtach lena dtacaítear le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Is le CEFI a sholáthraítear an tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais AE a theastaíonn do mhaoiníú Contrapháirtithe Incháilithe i dtíortha agus do thionscadail infheistíochta nach mbeadh in ann comhlíonadh a bhaint amach ar shlí eile de bharr an ardleibhéil riosca a bheadh ann.

### 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile dá leithéid san am atá caite*

Tá taithí luachmhar gnóthaithe ag an gCoimisiún ar ionstraimí nuálacha maoiniúcháin.

Ó tugadh isteach é den chéad uair i dtús an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2007-2013, d'éirigh an meascadh ina ghné thábhachtach de chomhar seachtrach AE de réir a chéile, agus é ag comhlánú modhanna eile cur chun feidhme san am céanna. Cuireadh saoráidí réigiúnacha measctha AE ar bun i ngach réigiún atá páirteach i gcomhar seachtrach AE. Faoi dheireadh na bliana 2015, b'ionann agus thart ar EUR 2.7 billiún an tacaíocht a ceadaíodh faoi na saoráidí ó bhuiséad AE agus ó acmhainní CEF, rud lenar cruthaíodh infheistíochtaí iomlána dar luach thart ar EUR 50 billiún.

Is ar réamhtheachtaí Ardán Infheistíochta na Comharsanachta (NIP), mar atá an tSaoráid Infheistíochta don Chomharsanacht (NIF), dea-chuntas teiste ina léirítear gurb ionann na leithdháiltí ar NIF a fuarthas ó Bhuiséad AE agus EUR 1.432 billiún san iomlán ón mbliain 2007 i leith. Sa bhreis air sin, chuir Ballstáit breis agus EUR 80 milliún ar fáil do Chiste Iontaobhais NIF. Chabhraigh sé sin le 112 thionscadal a chur chun feidhme le tacaíocht NIF. D'éirigh le ranníocaíocht NIF maoiniú thart ar EUR 13.83 billiún ó Institiúidí Eorpacha agus Idirnáisiúnta Airgeadais ón mbliain 2008 i leith agus méid iomlán infheistíochta thart ar EUR 28.10 billiún a chur in úsáid, i.e. gearáil is fiú thart ar 20 oiread na hinfeistíochta do gach euro arna gcur ar fáil ag an tSaoráid.

San Afraic, bunaíodh Ciste Iontaobhais AE um Bonneagar na hAfraice (AIFT) sa bhliain 2007 agus tá breis agus EUR 500 milliún de thacaíocht curtha ar fáil aige ó shin i leith do thionscadail lena mbaineann an earnáil fuinnimh, an earnáil iompair agus an earnáil uisce go príomha. Cuireadh an tSaoráid Infheistíochta don Afraic (AfIF) ar bun sa bhliain 2015 trí Chinneadh C(2015)5210 ón gCoimisiún<sup>39</sup>.

Le linn na tréimhse 2007-2013, rinneadh meastóireacht mheántearma (MTE) ar dhá shaoráid sa bhliain 2012 agus sa bhliain 2013, ba iad sin, Ciste Iontaobhais AE um Bonneagar na hAfraice (AE-AITF) agus an tSaoráid Infheistíochta don Chomharsanacht (NIF) faoi seach. Ba é conclúid an dá mheastóireacht ná gur ionstraimí luachmhara éifeachtacha iad maidir le tacaíocht a thabhairt dá gcuspóirí féin: cuspóirí Chomhpháirtíocht Chomharsanachta na hEorpa (CCE) agus forbairt bonneagair san Afraic. Measadh aithint, ábharthacht agus dearadh tionscadal go háirithe a bheith dearfach agus d'éirigh leis an dá ionstraim an sprioc a bhí acu a chomhlíonadh, mar a bhí acmhainní suntasacha airgeadais a ghíaráil. Leagadh béim sa mheastóireacht mheántearma freisin ar an méid mór a cuireadh le

<sup>39</sup> C(2015)5210 final, 29.7.2015, Cinneadh ón gCoimisiún maidir leis an mbeart aonair "Cruthú na Saoráide Infheistíochta don Afraic" faoin 11<sup>ú</sup> Ciste Eorpach Forbraíochta.

comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus ar chomhordú agus ar chomhar a mhéadú i measc institiúidí airgeadais agus leis an gCoimisiún. Rinneadh roinnt moltaí. Bhain siad sin go suntasach le feabhas a chur ar an struchtúr cinnteoireachta agus go háirithe ar an ról atá ag Toscaireachtaí AE agus ag tíortha comhpháirtíochta, le hiniúchadh breise a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, leis an úsáid atá á baint as ionstraimí sonracha airgeadais amhail ionstraimí maolaithe riosca agus le creat tomhais torthaí a chur chun feidhme.

Ardán AE um meascadh i gcomhar seachtrach (EUBEC) a bunaíodh i mí na Nollag 2012, bhain sé úsáid as na torthaí sin chun moltaí nithiúla a dhéanamh le haghaidh méadú breise a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an chabhair a sholáthraíonn an tAontas Eorpach trí mheascadh. I mí Dheireadh Fómhair 2014, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascáil speisialta ar mheascadh. Bhí na conclúidí ag teacht go mór lena bhfuil thuas: measadh meascadh na ndeontas ó shaoráidí réigiúnacha infheistíochta agus iasachtaí ó institiúidí airgeadais chun tacú le beartais sheachtracha AE a bheith éifeachtach den chuid ba mhó agus measadh na tionscadail a bheith ábhartha. Cumhdaíodh na gnéithe seo a leanas leis na moltaí: measúnú doiciméadaithe a chinntiú ar an mbreisíocht a thagann as an deontas ón Aontas Eorpach, aibíocht na dtionscadal a chuirtear faoi bhráid na mbord feidhmiúcháin a chinntiú, treoirínite a tháirgeadh maidir le hoibríochtaí Measctha AE, a chinntiú go mbeadh ról níos gníomhaí ag Toscaireachtaí AE, an próiseas cinnteoireachta a shimpliú, feabhas a chur ar an dóigh a ndéanann an Coimisiún faireachán ar na tionscadail, agus infheictheacht chuí a chinntiú le haghaidh chistiú AE.

Dhéileáil EUBEC le geall le gach ceann de na moltaí sin cheana féin trí fhorbairt a dhéanamh ar fhoirm iarratais chomhchuibhithe agus fheabhsaithe do thionscadail agus ar na treoirínite a ghabhann léi agus trí fhorbairt a dhéanamh ar chreat tomhais torthaí, lena n-áirítear táscairí caighdeánacha.

De bhreis air sin, mar gheall ar an gceanglas in Airteagal 140 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle, a bhfuil feidhm aige de bhua Airteagal 17 agus Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/323 ón gComhairle, rinneadh meastóireacht ex-ante ar AfIF sa bhliain 2014 maidir le conas a chomhlíonann an tsaoráid bheartaithe ceanglais an Rialacháin Airgeadais le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais. Cuireadh moltaí na meastóireachta sin san áireamh maidir le AfIF a bhainistiú agus beidh siad ábhartha i gcás Ardán Infheistíochta AE don Afraic.

Léiríodh i dtorthaí na meastóireachta ex-ante go bhfuil creat solúbtha nua maoiniúcháin ag teastáil mar gheall orthu seo: cineál, méid agus díriú na ndúshlán a mbíonn an Afraic ag dul i ngleic leo (e.g. an t-uirbiú, rochtain dhíghrádaithe ar sheirbhísí riachtanacha, neamhdheimhneacht an tsoláthair bhia, an bhochtaineacht, an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide), na cuspóirí reatha comhair atá ag AE agus ag tíortha comhpháirtíochta (i.e. forbairt agus fás atá inbhuanaithe agus cuimsitheach, comhtháthú ilchríochach, deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an t-athrú aeráide) agus an gá le hacmhainní breise airgeadais a chur in úsáid. Agus na torthaí sin á gcur san áireamh agus maidir leis an gcuspóir breise um aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, is féidir leis an Ardán Infheistíochta don Afraic (AIP) breisluach a sholáthar in earnálacha atá ina mórdhúshlán san Afraic. Trí raon leathan cineálacha cúnaimh a chuirfear in oiriúint do na rioscaí tíre, do thionscadail shonracha agus d'earnálacha sonracha a sholáthar, cuirfidh an tArdán

Infheistíochta don Afraic le fás cuimsitheach agus le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Ar an mbealach sin, rachfar i ngleic le roinnt de bhunchúiseanna na himirce.

Leis an bpunann reatha agus leis an bplean reatha atáthar ag úsáid in AfIF, déantar soláthar do thionscadail lena gcuirtear leis an gcuspóir um aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce. Cé gurb é cruthú fostaíochta an ghné phríomha ar a ndíríonn tionscadail lena dtacaítear leis an earnáil airgeadais agus le Micrifhiontair agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide trí bhainc áitiúla nó trí chistí tiomnaithe iontaobhais agus ar a ndíríonn tionscadail lena dtacaítear leis an talmhaíocht, leis an airgeadas agus leis an bhforbairt tuaithe, lena n-áirítear bóithre tuaithe agus leictriú tuaithe, d'fhéadfadh deiseanna fostaíochta teacht as tionscadail bhonneagair áirithe san earnáil fuinnimh (in-athnuaite) nó sa mhórearnáil iompair freisin, lena n-áirítear bóithre tuaithe agus tógáil agus athshlánú bóithre agus calafort. Luadh cruthú fostaíochta agus laghdú bochtaineachta a bheith ina dtoradh ar roinnt tionscadal fuinnimh atá liostaithe i dtuarascáil bhliantúil AITF.

Léirítear i scagadh ar phunann AITF agus ar phlean AfIF go ndéantar leis na sásraí measctha sin rannchuidiú maidir leis an gcuspóir um aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, agus maoiniú á ghíaráil ó na hinstiúidí airgeadais comhpháirtíochta lena mbaineann. Léirítear i scagadh ar an 150 tionscadal i gclár reatha AfIF go bhféadfadh go mbeadh suas go dtí 30 % de na tionscadail ina dtionscadail ábhartha maidir le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce. Spriocdhírítear i roinnt tionscadal ar chruthú fostaíochta agus ar thacaíocht a thabhairt do Mhicreafhiontair agus d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide mar phríomhchuspóirí acu. Spriocdhírítear i bhformhór na dtionscadal ar an bhforbairt agus an athléimneacht shocheacnamaíoch agus, i gcásanna áirithe, ar chruthú fostaíochta agus ar laghdú bochtaineachta mar fhothoradh. De na 23 thír shonracha atá liostaithe a bheith incháilithe faoi CEFI, cumhdaítear 18 dtír le clár reatha AfIF le haghaidh réigiúin na Saiheile/Loch Shead agus Chorn na hAfraice.

Athdhearbháidh san Athbhreithniú a rinneadh ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa sa bhliain 2015 gur cheart forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a bheith ina cuid dhílis den mhéid a chuirfeadh an tAontas Eorpach leis an gcomharsanacht a chobhsú agus le comhpháirtíochtaí a fhorbairt. Ba cheart d'AE borradh a chur faoi chomhar leis na hInstiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha maidir le forbairt earnála príobháidí agus borradh a chur faoi chomhar le tionscnaimh lena gcuirtear fás agus fostaíocht atá cuimsitheach chun cinn agus lena bhfeabhsaítear dálaí maireachtála. Anuas air sin, ba cheart cur chun cinn a dhéanamh ar bhearta arb é is aidhm dóibh comhpháirtíochtaí leis an earnáil phríobháideach a neartú agus ba cheart borradh a chur faoin úsáid a bhaintear as cineálacha nuálacha cur chuige amhail deontais agus iasachtaí a mheascadh mar bhealach tábhachtach inar féidir acmhainní breise a ghíaráil agus an tionchar atá ag cabhair AE a mhéadú. Leagtar béim ann freisin ar an ngá atá ann le díriú a chur ar scileanna a fhorbairt, ar inniúlachtaí agus ar dheiseanna a chruthú, go háirithe d'fhir óga agus do mhná óga.

Tá meastóireacht nua á déanamh ar na saoráidí measctha faoi láthair agus ba cheart go mbeadh an tuarascáil deiridh ar fáil roimh dheireadh na bliana 2016.

#### 1.5.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh bheith ann*

Mar a leagtar amach i dTeachtaireacht an 7 Meitheamh 2016 maidir le Creat Comhpháirtíochta nua a bhunú le tríú tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis

an Imirce, tá an Coimisiún ag beartú Plean uailmhianach Infheistíochta Seachtraí lena rachfar i ngleic le bunchúiseanna na himirce.

Tá sé beartaithe creat straitéiseach nua ag a bhfuil struchtúr rialachais nua a bhunú, lena n-áirítear cur chuige ionad ilfhreastail ina mbainfear úsáid as raon ionstraimí nuálacha maoiniúcháin chun cistí earnála príobháidí a phlódú isteach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce trí mhéadú a dhéanamh ar infheistíochtaí a thionscnaítear i réigiúin na hAfraice agus Chomharsanacht AE. Cuirfidh sin le.

Beidh sé mar phríomhchuspóir le CEFI pacáiste comhtháite airgeadais a sholáthar chun infheistíochtaí a mhaoiniú i réigiúin lasmuigh d'AE, agus dá bharr sin, deiseanna fáis agus fostaíochta a chruthú, breisiócht a uasmhéadú, táirgí nuálacha a sholáthar agus cistí earnála príobháidí a phlódú isteach. Trí úsáid a bhaint as cistí ó CEF agus ó bhuiséad AE is fiú EUR 3.35 billiún i dteannta a chéile go dtí an bhliain 2020 (a bhfuil EUR 0.75 billiún de beartaithe do Chiste Ráthaíocht CEFI), meastar go gcuirfear oiread le EUR 44 billiún d'infheistíochtaí ar fáil trí CEFI.

